




Scéal Baininscneach agus Firinscneach





Scéal Baininscneach

Is bean dheas chineálta í Máire. Dhúisigh sí maidin bhreá gheal nuair a chuala sí spideog bheag ag canadh go binn taobh amuigh den fhuinneog mhór. An Chéadaoin a bhí ann. Bhí obair mhór le déanamh ag Máire an mhaidin seo. D'ith sí pancóg dheas agus bonnóg mhór dá bricfeasta. Shiúil sí síos an tsráid fhada go dtí an chathair ghnóthach. Chuaigh Máire go dtí an spórtlann mhór ar dtús. Nuair a bhí sí réidh sa spórtlann bhuail Máire lena cara Aoife. Bhí rogha le déanamh acu idir dul go dtí an phictiúrlann mhór, an amharclann ghalánta nó an leabharlann phoiblí. Sa deireadh shocraigh siad ar dhul go dtí an bhialann Fhrancach. Chaith siad tamall ag caint faoi laethanta saoire agus caitheamh aimsire. Anuraidh chuaigh Máire go dtí an Fhrainc agus an Phortaingéil. Chaith sí coicís dheas sa dá áit. Chuaigh Aoife go dtí an Ostair agus chaith sí mí mhaith ann. Tá súil ag Máire laethanta saoire a chur in áirithe an tseachtain seo chugainn. Taitníonn sé le Máire a bheith ag taisteal agus teangacha iasachta a labhairt. Labhraíonn Máire Fraincis, Gearmáinis agus Spáinnis. Labhraíonn Máire agus Aoife Gaeilge mhaith, Gaeilge cheart agus Gaeilge chruinn. Aontaíonn siad gur teanga bhinn í an Ghaeilge. Níl suim mhór ag Aoife

sna teangacha iasachta. Tá suim mhór aici san iománaíocht, sa chamógaíocht agus sa pheil. Is iad Chelsea an fhoireann is fearr léi. Chuala Máire agus Aoife fuaim mhór. Bhí stoirm gharbh ag tosú. Nuair a tháinig siad amach as an mbialann bhí báisteach throm ag titim agus gaoth mhór ag séideadh. Dúirt Máire le hAoife nach trua nach raibh aimsir dheas ar chor ar bith in Éirinn an bhliain seo.



Labhair le do pháirtí agus déan aibhsiú ar gach ainmfhocal baininscneach atá sa scéal seo. Cuimhnigh ar dtús cad is ainmfhocal ann!

Roghnaigh ocht sampla ón scéal den aidiacht leis an ainmfhocal baininscneach. Cad a thugann tú faoi deara?

Tar éis an scéal seo a léamh, an bhfeiceann tú aon phatrún eile a bhaineann leis na hainmfhocail bhaininscneacha?



Scéal Firinscneach

Is fear deas cairdiúil é Seán. Dhúisigh sé go moch Dé Luain nuair a d'imigh an t-aláram. Chuala sé éan beag ag canadh sa ghairdín mór. Taitníonn bricfeasta sláintiúil le Seán. Bhí rogha aige ull glas, oráiste mór nó arán baile donn a ithe. Sa deireadh d'ith Seán an t-arán baile donn. D'ól sé an t-uisce glan ón doirteal agus bainne fuar ón gcuisneoir. Léigh sé nuachtán an lae. Bhí lá gnóthach pleanáilte ag Seán. Shiúil Seán síos an bóthar fada go dtí an baile mór glórach. Bhuail sé leis an dochtúir dílis, an fiaclóir fial, an múinteoir múinte, an feirmeoir flaithiúil, an siúinéir sláintiúil, an táilliúir trodach, an cailín cliste agus an báicéir borb. Ansin chuaigh sé go dtí an t-ospidéal cathrach le cuairt a thabhairt ar a chara maith. Chuaigh Seán abhaile agus thóg sé an bád beag amach ar an loch. Rug sé ar iasc breá agus d'ith sé an t-iasc blasta don dinnéar. Chuala sé an t-amhrán is fearr leis ar an raidió agus chuala sé madra mór ag tafann sa ghairdín. Léigh sé cúpla leathanach as leabhar a bhí leadránach. Bhí lá suimiúil ag Seán. Bhí sé tuirseach traochta, d'fhéach sé ar an am agus chuaigh sé ina luí.



Labhair le do pháirtí agus déan aibhsiú ar gach ainmfhocal firinscneach atá sa scéal seo. Cuimhnigh ar dtús cad is ainmfhocal ann!

Roghnaigh ocht sampla ón scéal den aidiacht leis an ainmfhocal firinscneach. Cad a thugann tú faoi deara?

Tar éis an scéal seo a léamh, an bhfeiceann tú aon phatrún eile a bhaineann leis na hainmfhocail fhirinscneacha?



Scéal Baininscneach

Is **bean dheas chineálta** í **Máire**. Dhúisigh sí **maidin bhreá gheal** nuair a chuala sí **spideog bheag** ag canadh go binn taobh amuigh den **fhuinneog mhór**. **An Chéadaoin** a bhí ann. Bhí **obair mhór** le déanamh ag Máire an mhaidin seo. D'ith sí **pancóg dheas** agus **bonnóg mhór** dá bricfeasta. Shiúil sí síos **an tsráid fhada** go dtí **an chathair ghnóthach**. Chuaigh Máire go dtí **an spórtlann mhór** ar dtús. Nuair a bhí sí réidh sa **spórtlann** bhuail Máire lena cara Aoife. Bhí rogha le déanamh acu idir dul go dtí **an phictiúrlann mhór**, **an amharclann ghalánta** nó **an leabharlann phoiblí**. Sa deireadh shocraigh siad ar dhul go dtí **an bhialann Fhrancach**. Chaith siad tamall ag caint faoi laethanta saoire agus caitheamh aimsire. Anuraidh chuaigh Máire go dtí **an Fhrainc** agus **an Phortaingéil**. Chaith sí **coicís dheas** sa dá áit. Chuaigh Aoife go dtí **an Ostair** agus chaith sí **mí mhaith** ann. Tá súil ag Máire laethanta saoire a chur in áirithe **an tseachtain** seo chugainn. Taitníonn sé le Máire a bheith ag taisteal agus teangacha iasachta a labhairt. Labhraíonn Máire **Francis**, **Gearmáinis** agus **Spáinnis**.

Labhraíonn Máire agus Aoife **Gaeilge mhaith**, **Gaeilge cheart** agus **Gaeilge chruinn**. Aontaíonn siad gur **teanga bhinn** í **an Ghaeilge**. Níl **suim mhór** ag Aoife sna teangacha iasachta. Tá **suim mhór** aici san **iománaíocht**, sa **chamógaíocht** agus sa **pheil**. Is iad Chelsea **an fhoireann** is fearr léi. Chuala Máire agus Aoife **fuaim mhór**. Bhí **stoirm gharbh** ag tosú. Nuair a tháinig siad amach as an **mbialann dheas** bhí **báisteach throm** ag titim agus **goath mhór** ag séideadh. Dúirt Máire le hAoife nach trua nach raibh **aimsir dheas** ar chor ar bith in Éirinn **an bhliain** seo.



Scéal Firinscneach

Is fear deas cairdiúil é Seán. Dhúisigh sé go moch **Dé Luain** nuair a d'imigh **an t-aláram**. Chuala sé **éan beag** ag canadh sa **ghairdín mór**. Taitníonn **bricfeasta sláintiúil** le Seán. Bhí rogha aige **úll glas, oráiste mór** nó **arán baile donn** a ithe. Sa deireadh d'ith Seán **an t-arán baile donn**. D'ól sé **an t-uisce glan** ón **doirteal** agus **an bainne fuar** ón **gcuisneoir**. Léigh sé **nuachtán an lae**. Bhí **lá gnóthach** pleanáilte ag Seán. Shiúil Seán síos **an bóthar fada** go dtí **an baile mór glórach**. Bhuail sé leis **an dochtúir dílis, an fiaclóir fial, an múinteoir múinte, an feirmeoir flaithiúil, an siúinéir sláintiúil, an táilliúir trodach, an cailín cliste** agus **an báicéir borb**. Ansin chuaigh sé go dtí **an t-ospidéal cathrach** le cuairt a thabhairt ar a **chara maith**. Chuaigh Seán abhaile agus thóg sé **an bád beag** amach ar **an loch**. Rug sé ar **iasc breá** agus d'ith sé **an t-iasc blasta** don **dinnéar**. Chuala sé **an t-amhrán** is fearr leis ar **an raidió** agus chuala sé **madra mór** ag tafann sa ghairdín. Léigh sé **cúpla leathanach** as **leabhar** a bhí leadránach. Bhí **lá suimiúil** ag Seán. Bhí sé tuirseach traochta, d'fhéach sé ar an **am** agus chuaigh sé ina lúí.